


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** *(más ábhartha)*: | **Cliniceoir Speisialtóra i Máinliacht Ainmhithe Móra** |
| **Tréimhse an Phoist:** | 36 mhí |
| **Bainisteoir Líne:** | An tOllamh Carmel T Mooney (Stiúrthóir Cliniciúil) |
| **Grád:** | Gan Scála |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 018829 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Julie Breen |

## Achoimre ar an bPost:

Tá Cliniceoir Speisialtóra sealadach á lorg le ceapadh ag an Scoil Tréidliachta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i Máinliacht Ainmhithe Móra. Mairfidh an ceapachán ar feadh 36 mhí.

Tá trealamh den scoth ag Ospidéal Tréidliachta UCD, lena n-áirítear CT, MRI, ultrafhuaime, raideolaíocht idirghabhálach, ionscópacht agus artrascópacht, léasar, agus svuíteanna máinliachta lánfheistithe. Áirítear athshlánú agus fisiteiripe leis an tacaíocht choimhdeach atá ar fáil. Tá acmhainn faoi láthair ag an Roinn um Staidéar Cliniciúil na gCapall, Íomháú Diagnóiseach agus Ainéistéise do 15 Acadóir Cliniciúila/Cliniceoir Speisialtóra, lena n-áirítear triúr speisialtóirí i máinliacht ainmhithe móra, ceathrar speisialtóirí in ainéistéise, ceathrar speisialtóirí in íomháú diagnóiseach, speisialtóir amháin i leigheas inmheánach na gcapall agus speisialtóir amháin in atáirgeadh na gcapall. Tá beirt bhall foirne ann freisin gafa le seirbhís allamuigh eachaíochta siúlach a sholáthar. Tacaíonn foireann iomlán intéirneach (ag rothlú agus sonrach ar disciplín), cónaitheoirí agus foireann choimhdeach leis an bhfoireann seo.

Cuirfidh an t-iarrthóir rathúil go héifeachtach leis an Roinn agus le hOspidéal Tréidliachta UCD agus go háirithe, beidh sé/sí páirteach go hiomlán i dteagasc fochéime (cliniciúil), in oiliúint chónaitheachta iarchéime, agus sa tSeirbhís Máinliachta Ainmhithe Móra a sholáthraíonn an tOspidéal. Meastar go mbeidh na dualgais thuasluaite comhdhéanta de thart ar 80% d'iarrachtaí an cheapaí agus an 20% atá fágtha tiomnaithe ar ghníomhaíocht scolártha eile.

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Bheith i do imreoir foirne cliniciúil gníomhach sa tseirbhís mháinliachta d'ainmhithe móra.
- Maoirseacht agus oiliúint chliniciúil ar mhic léinn Dochtúireachta/oiliúint chónaithe ECVS.
- Rannpháirtíocht ghníomhach maidir le múineadh cliniciúil fochéime agus iarchéime do mhic léinn tréidliachta agus do mhic léinn altranais tréidliachta
- Cuirfidh an ceapaí le feidhmiú rathúil na heagraíochta, mar bhall de choistí na Roinne agus na Scoile.
- Gníomhaíochtaí i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach a fhorbairt le haghaidh cleachtóirí tréidliachta, agus a bheith rannpháirteach leo.
- Cur leis an bhforbairt bhreise ar na caighdeáin is airde maidir le cleachtas gairmiúil agus cliniciúil san Ospidéal Tréidliachta UCD agus a chinntiú go mbíonn gach gné de reachtaíocht/clárúchán ábhartha á gcomhlíonadh.
- Dul i mbun aon dualgas réasúnacha eile de réir mar a cheanglaíonn an Bhainistíocht Líne

**Tuarastal: €105,000 - €115,000 in aghaidh na bliana (Gan Scála)**
Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis faoi phinsean ar fáil ag:
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**
- Cáilíocht Altranais Tréidliachta ar féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann.
- Cáilíocht speisialtóireachta i Máinliacht Tréidliachta, is é sin Dioplóma an Choláiste Eorpaigh na Tréidliachta (DipECVS).
- Taithí chliniciúil i máinliacht Ainmhithe Móra/máinliacht na gcapall, go hidéalach laistigh de thimpeallacht acadúil.
- Taithí i maoirseacht a dhéanamh ar chónaitheoirí nó ar intéirnigh.
- Fíorspéis agus díograis sa teagasc agus san fhoghlaim.
- Scileanna idirphearsanta éifeachtacha agus an cumas oibriú mar bhall foirne.
- Sárscileanna cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn.
- Dea-scileanna TF.
- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú conas is féidir leo cur go dearfach le timpeallacht chuimsitheach a chothú agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

Inmhianaithe:

- Cáilíocht dochtúireachta iarchéime a bheith faighte nó a bheith cláraithe uirthi faoi láthair.
- Cumas léirithe lena bheith féinspreagtha agus le bheith in ann daoine eile a spreagadh.
- Cuntas teiste i gníomhaíochtaí gairmiúla ábhartha maidir le máinliacht ainmhithe móra.
- Roinnt taithí ar chóireáil fiaclóireachta capall.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú: | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | http://www.ucd.ie/chs/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | http://www.ucd.ie/vetmed/<br>https://www.ucd.ie/vthweb/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Clodagh Kearney nó Vivienne Duggan |
| Teideal: | Ceannaire Máinliachta na nAinmhithe Móra nó Príomhoifigeach |
| Seoladh r-phoist: | clodagh.kearney@ucd.ie or vivienne.duggan@ucd.ie |